

Gearrscéalta ár Linne

Brian Ó Conchubhair a roghnaigh



Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2006
An Dara Cló 2010
© Cló Iar-Chonnacht / na húdair 2006

ISBN 1 905560 11 7
978-1-905560-11-0

Dearadh clúdaigh: Clifford Hayes
Dearadh: Foireann CIC

Is le cabhair deontais i gcomhair tograí Gaeilge a d'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas trí Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, a cuireadh athchló ar an leabhar seo.



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge as
tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: CL Print, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593251

*Do m'athair agus do mo mháthair,
Seán Seosamh Ó Conchubhair agus Dawn Guinness,
beirt nach raibh aon éiginnteacht orthu ariamh
i dtaobh thábhacht na Gaeilge*

Buíochas

Táim buíoch de mo chomhghleacaithe i Roinn Theanga agus Litríocht na Gaeilge, Ollscoil Notre Dame; don Dr Cairtriona Ó Torna agus don Dr Bríona Nic Dhiarmada; do David Horn agus do Kathy Williams i Leabharlann Uí Néill, Boston College; do Ken Kinslow i Leabharlann Hesburgh, Notre Dame; agus do gach éinne ag Cló Iar-Chonnacht, Lochlainn Ó Tuairisg ach go háirithe.

Clár

Réamhrá	9
Brian Ó Conchubhair	
Dúchas	18
Pádraic Breathnach	
Na Déithe Luachmhara Deiridh	33
Pádraic Breathnach	
Dritheanna	43
Pádraic Breathnach	
Consortium Mulierum	51
Bidly Jenkinson	
Na Trí Chliché	63
Seámas Mac Annaidh	
Na Droma Fuara	71
Seán Mac Mathúna	
Tuatha Dé Danann	89
Seán Mac Mathúna	
Gadaithe	105
Seán Mac Mathúna	
Siúracha	117
Siobhán Ní Shúilleabháin	
An tAthair, an Mac agus Seanbhuachaill	139
Pádraig Ó Cíobháin	
Roth an Mhuilinn	157
Pádraig Ó Cíobháin	
Geiniseas	179
Pádraig Ó Cíobháin	
Fága 2	207
Dara Ó Conaola	
Ar Pinsean sa Leithreas	215
Micheál Ó Conghaile	

Faoi Scáth Scáile	227
Micheál Ó Conghaile	
Reilig na bhFocla	239
Micheál Ó Conghaile	
Beag agus Mór	255
Daithí Ó Muirí	
Conablach Caorach	271
Daithí Ó Muirí	
Sos Cogaidh	277
Joe Steve Ó Neachtain	
Meisce Bhreallánachta	297
Pádraig Ó Siadhail	
Kaddish	311
Gabriel Rosenstock	
Tá Duine Eile ina Chónaí Anseo	319
Dáithí Sproule	
An Tuisle Giniúnach	333
Alan Titley	
Scéal faoi Dhá Chaithir	345
Alan Titley	
Scéal i mBarr Bata	369
Alan Titley	
Foinsí	391

Réamhrá

I bhfabhalscéal de chuid Alan Titley, snámhann reacaire an scéil amach san fharraige lá breá gréine. Ar theacht i dtír, nochtar dó go bhfuil ‘gach duine ar an trá romham marbh . . . ní raibh ann ach gile na gile is mé ag coisíocht ar thrá i m’aonar.’ Buaileann taom éiginnteachta an Robinson Crósó nua-aoiseach seo, ní nach ionadh. Tugann sé faoi chiall a bhaint denar tharla le linn dó a bheith ag snámh. Fiafraíonn reacaire an scéil go doiligh dubhach de féin ar an trá shladach: ‘Cad é an saol seo a raibh mé tar éis teacht i dtír air? Cá raibh na comharthaí treo? Cá raibh an té a thabharfadh eolas na slí dhom? Cár thosaigh an bheatha arís? Cad d’imigh orainn go léir? Cad a bhí i ndán dom? Cén chiall a bhí lenar tharla dom, gan trácht ar chách a chéile?’ Go tobann, cloistear guth anaithnid à la *Cré na Cille*, a fhógraíonn: ‘Ceart, má sea . . . inseoidh mé duit mar a tharla, seo é an scéal, *éist leis an scéal, ní cuma faoin scéal*, is é an scéal an t-aon níááá . . .’

Is fíor don ghuth anaithnid úd i scéal Titley, a deir nár chuma faoin scéal. Is fíor di maidir leis an ngearrscéal i dtraidisiún liteartha na Nua-Ghaeilge ach go háirithe. Ach is fíor a ndeirtear go sonrach i gcomhthéacs chultúr na hÉireann agus na sochaí comhaimsire. Aithnítear an gearrscéal mar dhlúthchuid de nualitríocht na Gaeilge ón mbriatharchath idir an Píarsach agus Risteárd de Henebry/de Hindeberg nach mór céad bliain ó shin anois. Shaothraigh Pádraic Ó Conaire agus Liam Ó Flaithearta beirt an *genre* seo agus d’fhág siad scéalta den scoth mar oidhreacht againn. Áiríonn Declan Kiberd *Dúil* ar an tarna cnuasach gearrscéalta is fearr a foilsíodh in Éirinn ariamh – moladh nach beag nuair a chuimhnítear ar na hÉireannaigh a shaothraigh an gearrscéal: George Moore; James Joyce; Frank O’Connor; Seán Ó Faoláin; Máirtín Ó Cadhain; William Trevor; Eithne Strong; Julia Ó Faoláin; Ita Daly; Mary Lavin; agus go dtí ár linn féin.¹ D’éirigh le Máirtín Ó Cadhain féin sé chnuasach

gearrscéalta a chur de, cnuasaigh ina bhfuil fáil ar chuid de na gearrscéalta is fearr dár breacadh ariamh sa teanga. Fiú muna dtiocfadh mórán le breith Bhord Stiúrtha an Chlub Leabhar i Lúnasa 1950 a d'fhógair: 'is le fiordhéanaí a cumadh aon úrscéal nó aon dán Gaeilge nach raibh seanbhlás air ó thaobh smaointe nó ábhair, ach tá bua ag ár scríbhneoirí ar ealaíneacha an ghearrscéil le daichead bliain anuas. Is beag má d'fhéadfadh scríbhneoirí na Gaeilge droch-ghearrscéal a chumadh anois.'² Is beag duine a shéanfadh gur i bhfeabhas atá gearrscéal na Gaeilge ag dul faoi láthair ach fágtar faoi alt léirmheasa nó faoi mhonagraf léannta chun na cúiseanna éagsúla a bhaineann lena leithéid de ráiteas a chruthú.

Is minic scoláirí ag tuairimíocht cad is cúis leis an bhfeiniméan áirithe seo. Áitítear go bhfuil bá faoi leith ag scríbhneoirí na hÉireann, idir Bhéarlóirí agus Ghaeilgeoirí, le foirm an ghearrscéil de bharr láthair na hÉireann agus an t-imeallú a deineadh agus a dhéantar uirthi mar thír agus mar theanga: 'It has become commonplace to claim that, lacking the epistemological self-confidence of the metropolitan centre, the realist novel could not take root in Ireland. This theory is often used to explain the wealth of experimental, avant-garde writing that Ireland has produced.'³ Pé ní é faoin teoiric úd, níl aon cheist, áfach, ach gur oir an gearrscéal mar fhoirm do riachtanaisí na Gaeilge ón Athbheochan ar aghaidh maidir le hirisí liteartha, nuachtáin, ranganna, scríbhneoirí páirtaimseartha, cumas foghlaimeoirí agus araile. Ní fiú, dar le Colm Tóibín, úrscéal réalaióch a lorg in Éirinn ar an gcúis gur tír í ar deineadh loit agus scrios inti agus uirthi. Ní bhláthfadh úrscéal sa tsochaí a thiocfadh aníos i dtír mar sin. B'fherr i bhfad an gearrscéal mar fhoirm chun dul i ngleic leis an gcás ina bhfuil Éire: 'In our post-colonial societies, it is a perfect form: we need not deal with the bitterness of the past, the confusion of the present or the hopelessness of the future. We can offer merely small instances unassociated with other instances.'⁴ Is d'inneach agus de dhúchas na hÉireann, dá réir, an gearrscéal.

Chuaigh an soiscéal a mhol an Píarsach – an cogadh talún, imirce, brú, greann agus filíocht ghluaiseacht na teanga, an pholaitíocht, gealtachas, agus an grá seasc – i bhfeidhm ar scríbhneoirí na Gaeilge agus ní lena linn féin amháin. Ba bheag cnuasach sna hochtóidí nach raibh scéal ann a raibh ginmhilleadh mar théama nó mar chúlra ann. Ba mhinic, leis, scéalta faoin gcogadh sa Tuaisceart, faoin imirce, faoin dífhostaíocht, agus faoin gcolscaradh. Móitíf choitianta eile sa ghearrscéal Gaeilge ab ea an aoir, go háirithe an aoir ar lucht na cúise agus ar ghluaiseacht na Gaeilge. D’fhéadfaí, agus go deimhin b’fhiú, cnuasach de scéalta a bhaineann ceol agus litríocht as na téamaí sin a dhíolaim amach anseo. Ina theannta sin, bhí go leor scéalta a thug léargais ar an saol mar a bhí, mar atá agus mar a bheidh agus é ag athrú de shíor. Nuair a fiafraíodh den ghearrscéalaí cumasach Pádraic Breathnach sna hochtóidí cad faoi a scríobhann gearrscéalaithe, ba é an freagra a thug sé ná:

Faoin saol, cad eile, faoi mar a chonaiceamar. Faoin saol iontu féin, faoin saol ina dtimpeall. Saol an lae inniu a bhfuil cuid de san aimsir chaite agus cuid de fós le teacht. Áit an duine aonair ann. Cén saol é féin saol an lae inniu? Le tamall anuas d’athraigh an saol in Éirinn agus ar fud réimsí móra den domhan ar luas scioptha. Tá na bealaí traidisiúnta, na struchtúir shóisialta, na sean-nósanna ag imeacht as. Tá ré an fheirmeora bhig agus na feirmeoireachta measctha ionann is caite.⁵

Ach níorbh fhiú biorán na hathruithe ollmhóra a bhain leis an gComhphobal Eacnamaíochta i gcomparáid leis na hathruithe a bhain leis an Tíogar Ceilteach agus a bhfuil ag titim amach faoi láthair. Oireann fabhalscéal Alan Titley don réamhrá seo ar chúis eile. Aimsítear ann ceann de na téamaí agus móitífeanna is leanúnaí i ngearrscéalta ár linne: an éiginnteacht. Is í an éiginnteacht an téama leanúnach sna tréimhsí éagsúla seo. Más minic amhras ar reacaire an ghearrscéil nua-aimseartha, is minic, leis, go mbriseann guth an údair isteach sa scéal chun nod nó leid

a thabhairt nó a thuilleadh amhrais a chaitheamh. Is minic go ndéantar ceap magaidh den réalachas. Séantar, uaireanta, an tuairim gur féidir breith ar an saol iarbhír i saothar ficin ar bith. Ceistítear údarás. Insaítear ní hamháin údarás an láir, mar a thuigtear do lucht an iarchoilíneachais é, ach gach sórt údaráis – údarás na teanga, údarás na fíor-Ghaeilge, údarás an traidisiúin, údarás an údair agus an léitheora. Cé gur féidir a leithéid a rianú siar go dtí an pictiúr úd ar chúl leabhar an Chadhnaigh⁶, is soiléire fós é sna ‘léirmheasanna’ ar chúl *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile* le hAlan Titley agus in ‘Ná Trí Chliché’ le Séamas Mac Annaidh. Úsáidtear teicnící agus cleasanna mar seo chun aird a tharraingt ar an deacracht atá ann:

. . . the problems of articulation and representation within that fractious political situation and, with its characteristically wry, elliptical point of view, can be a subversive strategy of understatement. It suggests certain linkages between the short story tradition in Ireland and ‘modernist’ narrative techniques – part of the explanation for the prevalence of both in Irish fiction – and considered the oft-observed connection of the form to marginal and colonial conditions.⁷

Tugann an gearrscéal deis do scríbhneoirí téacs a sholáthar a bhuaileann buille in aghaidh srutha agus a thugann guth dóibhsean nach gcloistear ach ar éigean. Tá sochaí thraidisiún na hÉireann faoi bhrú anois mar nach raibh ó theip Chath Chionn tSáile nó an t-athrú teanga sa naoú haois déag. Táid ann a deir gurbh ionann an droim lámha atáthar a thabhairt don Eaglais agus d’údarás an traidisiúin inniu agus a tugadh don Ghaeilge an uair úd. Tá cultúr agus oidhreacht na tíre agus an náisiúin á n-athmhúnlú ar luas lasrach. Cúis inní é seo ní hamháin do thráchtairí Gaeilge ach do thráchtairí ar fud na mball. Cuirtear síos sna scéalta a cumadh in Éirinn sna seachtóidí agus sna hochtóidí, an tráth nárbh ann don Tíogar Ceilteach ná trácht ar a leithéid, ar an inní faoin athrú a bhí ag titim amach sa tír. Ré ab

ea é nuair a bhí fás na gcathracha agus na mbruachbhailte agus tréigean na tuaithe ag déanamh inní don phobal. Ba mhinic a chífortaí an cheist an dtiocfadh saol na tuaithe slán. Ach idir bhorradh na seachtóidí, ghéarchéim na n-ochtóidí, chogadh an tuaiscirt, bhallaíocht sa Chomhphobal Eorpach agus an t-athrú agus an saibhriú atá ag titim amach le blianta beaga anuas, is fíor gurbh é téama na féiniúlachta agus an cheist ‘Cé sinn féin?’ an príomhábhar a shníomhann trí na cnuasaigh ar fad nach mór. Ó charachtair Joe Steve Uí Neachtain ar saoire sa Spáinn go mná rialta Shíobhán Ní Shúilleabháin ar seachrán sa bhaile beag agus Focailín bocht gan chatagóir de chuid Mhichíl Uí Chonghaile, tá go leor de na carachtair sna scéalta seo ar seachrán, go spioradálta, go fisiciúil, go meafarach agus go samhailteach. Baineann éiginnteacht le hiarmhac léinn scoile Rosenstock, le manach naofa Bhiddy Jenkinson agus le saighdiúir Phádraig Uí Shíadhail. Ní ceist í seo a chuireann as do lucht na Gaeilge amháin. Is ábhar conspóide agus cnámh spairne é do dhaoine i réimsí éagsúla an tsaoil agus do dhaoine a bhfuil creidiúintí agus idé-eolaíochtaí éagsúla polaitiúla agus cultúrtha acu:

Done to scale, this is how civilisations die. This is how the consciously Irish, Catholic civilisation which infused this country long before the State was founded, and went into the making of the laws and the culture of post-independence Ireland, has suddenly begun to perish. There is clear continuity between 1945 and 1975, but very little indeed between 1975 and today. And by 2035, there will be none whatever between that future Ireland and the 20th century Irish State from which it grew.⁸

Má thug nua-aoiseachas na seachtóidí dúshlán faoi leith don ghearrscéal, is dúshlán eile ar fad a chuireann ‘forchróchú’ nó ‘domhandú’ an tsaoil rompu. Is é atá i gceist leis an dúshlán seo ná saothar agus stíl a aimsiú a bhaineann an fód den tsamhail a bhuaitear anuas orthu ón taobh amuigh, ach fanúint dílis dóibh féin. Éiríonn leo sa togra seo trí amhras a chaitheamh ar an réalachas féin.

Ach ní haon mhíbhuntáiste é seo dar lena bhfuil tugtha le fios ag Maolmhaodhóg Ó Ruairc: ‘Más féidir tuairisc ghonta a thabhairt ar cad is sainghné don Ghaeilge, is é an éiginnteacht é. Tá an éiginnteacht i gceannas i ngach cearn de ríocht na Gaeilge, agus sa ghramadach ach go háirithe. D’fhéadfaí an éiginnteacht a shamhlú mar chonstaic a chuireann go mór le dua an fhoghlaiméora agus le deacracht na teanga, rud atá fíor, nó d’fhéadfaí amharc ar an éiginnteacht feasta mar bhuntáiste.’⁹ In ainneoin na bhfadhbanna a chruthaíonn an éiginnteacht sa ghramadach, ní gá gur mhíbhuntáiste a leithéid i réimsí eile na teanga:

Táthar den tuairim gur féidir tuiscint a fháil ar an éiginnteacht atá máguaird ionas gur féidir í a shaothrú ar mhaithe leis an duine. In ionad an domhan a mheas de réir teoiricí líneacha tá an tuiscint nua ag teacht tríd an mbéim a chur ar an teoiric atá neamhlíneach. Tá sé soiléir ón taighde go bhfuil an chruinne beo ar an éiginnteacht agus nach féidir ciall a fháil di ach amháin le modhanna nua neamhlíneacha. . . . Is as an éiginnteacht agus as an amascaíocht atá mar thoradh ar an éiginnteacht a fhaigheann an chruinne an fuinneamh atá ann. Chuige sin, áfach, ní mór a aithint cad iad na comharthaí sóirt a bhaineann leis an éiginnteacht agus cad é mar is féidir tairbhe a bhaint aisti.¹⁰

Ní gá, áfach, gur míbhuntáiste atá san éiginnteacht seo mar ‘tugann an chiall cheannaithe sna heolaíochtaí le fios dúinn gur mhaith an mhaise dúinn an dánacht, an misneach, an léim sa dorchadas. Má tá ceannas againn ar an éiginnteacht, ní dócha go mbeidh an éiginnteacht i gceannas orainn.’¹¹ Mar a mhíníonn Declan Kiberd ó am go céile, tá bua faoi leith ag na hÉireannaigh chun iad féin agus a gcuid traidisiún a athshamhlú ach ní chiallaíonn sé sin go dtagann siad slán ó inní a dhéanamh faoi nádúr agus faoi chineál an athraithe sin.

D’admhaigh Pádraic Breathnach in *Comhar*, iris a bhfuil ardán tugtha aici don iliomad gearrscéalaithe idir mhaith agus olc, go raibh athrú ag teacht ar shochaí na hÉireann agus go raibh an t-athrú sin le sonrú sa sórt gearrscéil a fhoilsítí:

Ar ndóigh tréith thréan i scríbhneoireacht Ghaeilge an lae inniu, agus atá ag teacht i dtreis le tamall anuas, is ea an tsuim sa mhírreasún nó san aisteachas. Tá sé seo fíor, ar ndóigh, ní hamháin faoi cheapadóireacht sa Ghaeilge ach faoin scríbhneoireacht i gcoitinne. Ba mhoille ag teacht chun cinn sa Ghaeilge é ná i litríochtaí go leor eile agus ba de thoradh tionchar ón iasacht, seans, a tháinig sé nó cuid de, againne, tionchar ó léithéidí Kafka, Dostoievsky, Beckett, is eile. Cuirtear suim san aisteachas. Faighimid cur síos ar charachtair, carachtair ar carachtair aduaine iad, carachtair áiféiseacha iad, carachtair ar carachtair ‘amaideacha’ iad, nach den saol réalta seo iad, mar a mheasaimidne. Carachtair nach den ‘ghnáthréaltacht’ iad ach tuigtear anois go bhfuil réaltacht eile ann, réaltacht is leithne ná an gnáthréaltacht, réaltacht na samhlaíochta is na fantasaíochta. . . . Ní féidir tabhairt faoi chuid de scéalta ‘aduaine’ an lae inniu a thuiscint ar aon bhealach eile; idir shamhlaíocht is bhrionglóidí iad.¹²

Cibé breithiúnas a thabharfar amach anseo ar an rogha seo, ba dheacair a shéanadh go bhfuil glúin gearrscéalaithe den chéad scoth ar an bhfód anois, cuid acu le trí chnuasach i gcló acu cheana féin: Pádraic Breathnach; Alan Titley; Pádraig Ó Cíobháin; Mícheál Ó Conghaile. Tuilleann na scríbhneoirí seo agus a gcuid compánach ár meas mar ealaíontóirí as a bhfuil curtha i gcrích acu, agus go deimhin tá an meas sin facha ag Ó Conghaile agus Mac Mathúna i saol na Gaeilge agus an Bhéarla, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. An fuinneamh a sonraíodh i bhfilíocht na Gaeilge san hochtóidí, tá a mhacasamhail le feiscint sa ghearrscéal le tamall anuas. Sa díolaim seo tá cruthú ar an mbreith a thug Benedict Kiely nuair a thrácht sé in *The Penguin Book of Irish Short Stories* sa bhliain 1981 ar an ‘quite considerable achievement of writers in modern Irish’¹³.

Is é atá anseo in *Gearrscéalta á r Linne* ná rogha de na gearrscéalta is fearr dár foilsíodh mar chuid de chnuasaigh le breis agus tríocha bliain anuas, i.e. ó bhás Uí Chadhain i leith. Níor cuireadh gearrscéalta nár foilsíodh mar chuid de chnuasach san áireamh don rogha, rud a d’fhág scéalta breátha le Máire Mhac an

tSaoi, le hAngela Bourke agus le Nuala Ní Dhomhnaill as an áireamh. Beartaíodh ina theannta sin gan aon scéal a foilsíodh mar chuid de *Gearrscéalta an Chéid* a chur san áireamh. Curtha in eagar go slachtmhar ag Gearóid Denvir agus Aisling Ní Dhonnchadha in 2000, is é a chuir *Gearrscéalta an Chéid* ar fáil ná ‘rogha ionadaíoch na ndíolamóirí de scothscéalta Gaeilge an fichiú haois.’¹⁴ Clúdaíodh ‘an tréimhse ó aimsir na hAthbheochana liteartha i dtús an chéid anuas go dtí urlár an lae inniu.’ Leathbhádóir an chnuasaigh úd é an cnuasach seo, *Gearrscéalta ár Linne*. I gcomparáid leis an rogha úd, áfach, is *focus* níos géire agus tréimhse ama i bhfad níos giorra atá idir chamáin anseo. Beartaíodh go n-aimseofaí na gearrscéalta is fearr le tríocha bliain anuas ionas go dtabharfaí deis do léitheoirí blas leathan agus rogha fhairsing de scoth-ghearrscéalaithe na linne seo. Níor roghnaíodh níos mó ná trí scéal le haon údar agus roghnaíodh gach aon scéal de bharr a fheabhais.

Ba é an file úd W. B. Yeats a dúirt, agus é ag scríobh réamhrá dá dhíolaim filíochta féin sa bhliain 1896, go raibh farraigí na litríochta breac le raic mara na ndíolaimí Éireannacha. Má fhilltear ar íomhá an fhir ar an trá fholamh i scéal Alan Titley agus é ag éisteacht leis an nguth úd, is féidir í nó é a shamhlú ag insint scéalta chun ciall a dhéanamh denar thit amach le linn dó a bheith san uisce. Is scéalta mar seo a bhailítear anseo – scéalta ina ndéantar iarracht míniú a thabhairt ar cé sinn féin, cad is ciall leis an saol agus chun treoir éigin a thabhairt. Samhlaíodh na scéalta seo mar na scéalta a d’oirfeadh agus a thaitneodh leis an snámhaí ar an trá fholamh agus é ar a dhícheall ag iarraidh ciall a bhaint den saol casta, míréasúnta inar caitheadh é gan foláireamh ar bith. Leagadh na scéalta amach in ord aibítreach ó thaobh údar de ar mhaithe le héascacht agus níor baineadh de na scéalta ó thaobh canúna ná litrithe de. Cuirfidh na scéalta anseo ag gáire tú; cuirfidh siad iontas agus fonn machnaimh ort. Níl anseo ach blaiseadh beag den saibhreas, den éagsúlacht agus den tsamhlaíocht atá ar fáil i gcnuasaigh na Gaeilge. Is sna cnuasaigh féin atá ionad ceart na scéalta agus i dteannta na scéalta a

chéadscríobhadh iad ba chóir iad a léamh i gcónaí. Is é cuspóir na díolama seo an saibhreas ilghnéitheach sin a chruinniú le chéile agus a chur faoi bhráid an léitheora. Má spreagtar an léitheoir chun filleadh ar na bunchnuasaigh agus iad a léamh as an nua nó a léamh den chéad uair ariamh, beidh cuspóir na díolama seo curtha i gcrích.

Brian Ó Conchubhair
Samhain 2006

Nótaí agus Tagairtí

- 1 'There are many who consider *Dúil*, with its rural epiphanies in field or on water, the most poetic and satisfying collection of stories published by an Irish author since Joyce's *Dubliners*.' Declan Kiberd, *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation* (Harvard University Press, 1995). Ceist eile ar fad gan dabht í is ea an mbeadh aon aird ar an bhFlaithearthach mar ghearrscéalaí murach a cháil sa Bhéarla agus an chinsireacht a imríodh air sa Ghaeilge?
- 2 Bileog eolais a scaipeadh i dteannta le *Taobh Thall den Teorainn*, cnuasach gearrscéalta a scríobh Tarlach Ó hUid (Foilseacháin Náisiúnta Teo., 1950).
- 3 Ronan McDonald, 'Strategies of Silence: Colonial Strains in Short Stories of the Troubles,' *Yearbook of English Studies* 35 (2005), lch 250.
- 4 Colm Tóibín, 'Martyrs and Metaphors,' *Letters from the New Island* (Raven Arts Press, 1987), lch 6.
- 5 Pádraic Breathnach, 'An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas,' *Comhar* 43, uimh. 5 (1984), lch 35.
- 6 Féach an tSr Bosco Costigan, *De Ghlaschloich an Oileáin: Beatha agus Saothar Mháirtín Uí Chadhain* (Cló Iar-Chonnacht, 1987), lgh 350–51.
- 7 McDonald, op. cit., lch 249.
- 8 Kevin Myers san *Irish Times*, 5 Eanáir 2006.
- 9 Maolmhaodhóg Ó Ruairc, *Ar Thóir Gramadach Nua* (Cois Life, 2006), lch 7.
- 10 *Ibid.*, lgh 7–8.
- 11 *Ibid.*
- 12 Breathnach, op. cit., lch 30.
- 13 Benedict Kiely (Ed.), *The Penguin Book of Irish Short Stories* (Penguin, 1981) lch 12.
- 14 Gearóid Denvir & Aisling Ní Dhonnchadha (Eag.), *Gearrscéalta an Chéid*, lch 7.

Dúchas

Pádraic Breathnach



Ba duine é Maolíosa Ó Cathailriabhaigh den chineál seo duine a théann ar thóir a dhúchais is a chuid fréamhacha i gceantair bhochta in iargúl na hÉireann.

Ag fámaireacht thart in aistreáin Chille Ghuala a bhí sé an tráthnóna áirithe seo sa bhfómhar; ag guairdeall a thranglam bóithríní cúnga cama agus néall aoibhnis air faoi bhallaí cloch, faoi roilleoga, faoi chnocáin. Chuir líon fairsing na dtithe ceann tuí agus gainne na n-aeróg teilifíse os a gcionn an-áthas air. Bhí an áit seo mar a d'ordaigh Dia é: ciúnas úr binn ar nós drúchta, aer breá folláin, garranta beaga a raibh bó, gamhain nó asal iontu.

Níorbh fhada chor ar bith go dtáinig sé ar an mbóithrín ba mheasa ann. Stop ag a bhéal agus d'fhéach suas isteach ann. An dtiocfadh le daoine a bheith ina gcónaí go fiú's in áit mar í seo? Bhreathnaigh an bóithrín a bheith ag dul in airde ar mhullach cnoic. Chuaigh sé ar gcúl an chnoic – isteach i bhfásach – isteach i gcrioslach na sléibhte. B'fhéidir go raibh domhan mór eile istigh ann: baile fearainn nua!

Ba deas le Maolíosa nach raibh áit do ghluaisteáin féin ar an mbóithrín seo. Ba bhriseadh ar a naofacht rud chomh gránna, chomh huafar, le gluaisteán a bheith á thiomáint isteach ann. Ar éigean loirg charr capaill féin le sonrú ann: cuisle láidir féir ina lár. Isteach ag portach a bhí an bóithrín seo ag imeacht ab ea? Chuig ionad ceilte a mbeifí ag briseadh dlí an óil ann, b'fhéidir?

Bhrúigh sé a rothar roimhe. B'álainn is ba ghleoite leis an ghrian bhuí a scall chomh sona sin agus a chuir dathanna chomh rídheas ar an dúiche mháguaird. Cinnte dearfa b'é seo croí agus anam na hÉireann. B'í seo Éire!

Phreab a chroí nuair a chonaic sé tithe os a chomhair amach: tamhnach má bhí tamhnach riamh ann. Ansin faoi réim a shúl bhí caidhlín tithe neadaithe chomh gleoite lena bhfaca sé ina shaol i seascaireacht theolaí gleanna. Ach ba fothracha iad! Bhí an uile teach ann tréigthe; tuí a ndíonta ina aoileach ar a n-urláir. D'fhéach Maolíosa isteach ins gach ceann acu de réir mar a tháinig sé orthu, ag dearcadh pé ball troscáin a bhí fanta fós iontu – driosúr briste nó fráma leapa, agus thosaigh sé ag ríomh a gcuid staire faoi mar a shíl sé . . .

Baineadh as a thromchúis é ámh nuair a rinne muc gnúsacht agus líon a anam le spiorad is le meanmna. Ba chomhartha beatha é muc. Lasair dóchais sa láib! Dé má b'é an dé deiridh féin é! Sea, bhí muc i gcró; muc amháin. Bhreathnaigh sí in airde go fiosrach dána san éadan ar Mhaolíosa, ag smúraíl lena soc fada caol a raibh fáinní cama ann os cionn a polláirí.

Ag ceann an bhóithrín bhí teach a raibh púr beag deataigh ag teacht amach as poll ina dhíon (níor léir aon simléar air). B'é seo an teach ab fhaide isteach; ballóga eile tithe ina ghar. Bhuail croí Mhaolíosa tuilleadh.

Ba teach é a raibh a leath tite, fiailí ag fás ar an tuí ann; dath an mhúisc ag smál na mballaí a mbíodh aol orthu tráth. Fuinneog bheag amháin a bhí ina éadan agus ceann ba bhídí ná sin ina bhinn. Dath dearg a bhí ar an doras dúnta ach go raibh an phéint ídithe go maith; leathdhoras taobh amuigh den doras mór.

Bhuail Maolíosa cnag ar an doras.

Dheamhan gíog a d'airigh.

Bhuail cnag ní ba throime.

Níor tharla tada.

Ach bhí deatach ón simléar; agus bhí laiste sa doras.

D'ardaigh sé an laiste ar an nós Gaelach, agus d'oscail isteach an doras go mall. Ba ansin a chuala sé cneadach agus trúpáil.

'Dia anseo isteach,' a deir sé.

'Go mbeannaí Dia is Muire dhuit, a dheartháirín,' arsa guth a raibh slócht air taobh istigh.

Chonaic Maolíosa seanfhear beag gan éitir a bhí caoch os a

chomhair sa mheathdhorchadas. Chrith leathlámh leis fad is a bhí a leathcheann eile ag glacadh taca ó dhroim cathaoireach. Bhí amhras air.

‘Is mise Maolíosa Ó Cathailriabhaigh,’ arsa Maolíosa go cneasta ag síneadh láimhe don seanfhear.

‘Ó, ’dhiabhail, ab ea?’ arsa an seanfhear gan chomhairle, cineál stad bainte as.

D’fhair sé Maolíosa go mór is go fadhbach.

‘Shíl mé go mb’é Pádraic a bhí ann,’ ar sé go dearmadach.

‘Agus cad is ainm duitse?’ arsa Maolíosa nuair nár thug an seanfhear a aithne. Láithreach ámh d’athraigh sé a chaidéis go ‘Cén t-ainm atá ortsa?’ nuair a chuimhnigh sé go mba le Connachtach a bhí sé ag caint.

‘Beartla Ó Ceallaigh,’ arsa an seanfhear.

‘Cén chaoi ’bhfuil tú, a Bheartla?’ arsa Maolíosa ag croitheadh láimhe leis an seanfhear den dara huair.

‘Ó, ’dhiabhail, réasúnta, a dheartháirín,’ arsa an seanfhear.

Shuigh Maolíosa isteach sa bhac le hais tine arbh éigean an dé inti. D’fhainic an seanfhear é go smálódh sé a chuid éadaigh agus thairg an chathaoir dó ach eitíodh go cneasta í á rá go mb’fhearr leis an bac, rud ab fhearr – ba nuaí dó é. Go deimhin féin ba tír na n-óg ag Maolíosa é seo agus rith drithlíne aobhnis trína chorp. Ba bhuíoch leis an t-ádh a thug ann é.

D’fhair sé an simléar leathan caolach a bhí ag gobadh amach i bhfad sa chistin. D’fhair sé scraitheanna an dín agus na rataí fúthu. D’fhair sé go háirithe rata briste ina luí ar mhullach an driosúir.

Chonaic sé an chistin ar fad: cathaoir amháin, mangarae de mhálaí is de chótaí a raibh caonach liath orthu, urlár carrach a raibh clais ina lár – clais a chuaigh ón mballa cúil go dtí an doras tosaigh.

Líon Maolíosa le fiosracht is le caidéis. Rith cigiltí aobhnis trína chorp an athuair. Bhí an t-uafás eolais le bailiú anseo; agus dalladh ceisteanna le cur ach dhéanfadh sé foighid bheag faoin gcaidéis ba phráinní ar fad.